6. An gcaithfear dlí an Aontais, go háirithe Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1821 ón gCoimisiún lena leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 an 23 Iúil 1987 ón gComhairle maidir leis an ainmníocht taraife agus staidrimh agus leis an gComhtharaif Chustaim, a léirmhíniú sa chiall go d'fhéadfadh mín soighe a aicmiú faoi cheannteidil 2304 den ainmníocht, cé go bhfuil sé mí-oiriúnach lena chaitheamh ag an duine?

7. An gcaithfear dlí an Aontais, go háirithe Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1821 ón gCoimisiún lena leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 an 23 Iúil 1987 ón gComhairle maidir leis an ainmníocht taraife agus staidrimh agus leis an gComhtharaif Chustaim, a léirmhíniú amhail go n-áirítear min soighe ar nós atá i gceist sna himeachtaí seo, is é sin le rá, min soighe a ndéantar próiséas tóstála air, mar is gá chun críocha heacsán a bhaint a úsáidtear mar chuid d'eastóscadh ola (agus atá díobhálach do shláinte an duine agus sláinte ainmhithe), faoi cheannteideal 2304 nó faoi cheannteideal 2309 den ainmníocht sin?

(1) IO L 294 2016, lch. 1.

---

**Iarraidh ar réamhrialú ón Conseil d'État (an Bheilg) an 8 Meitheamh 2022 – XXX v Commissaire général aux réfugiés et aux apatrides**

**(Cás C-374/22)**

(2022/C 326/14)

*Teanga an cháis: an Fhraincis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Conseil d'État

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* XXX

*Cosantóir:* Commissaire général aux réfugiés et aux apatrides

**Na ceisteanna a tharchuirtear**

1) "An gcaithfear Airteagal 2(j) agus Airteagal 23 de 'Threoir 2011/95/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Nollaig 2011 maidir le caighdeáin i dtaca le cáiliú náisiúnach tríú tír nó daoine gan stát mar thairbhithe de chosaint idirnáisiúnta, ar mhaithe le stádas aonfhoirmeach do dhídeanaithe nó do dhaoine atá incháilithe le haghaidh cosanta coimhdí, agus inneachar na cosanta a thugtar' ([1]) a léirmhíniú sa chaoi go bhfuil feidhm acu maidir le hathair beirt leanaí a rugadh sa Bheilg agus ar tugadh aitheantas dóibh mar dhídeanaithe ann, de bhrí go sonraítear san Airteagal 2(j) thuasluaite go bhfuil baill teaghlaigh an tairbhí de chosanta idirnáisiúnta, atá cumhdaithe le Treoir 2011/95/AE, ina mbaill teaghlaigh sa chiall sin "a mhéid gurb ann cheana don teaghlach sa tír thionscnaimh?"

2) "An gciallaíonn na cúinsí a d'agair an t-iarratasóir ag an éisteacht, go bhfuil a leanaí spleách air agus, agus de réir an iarratasóra, go gceanglaítear le leas a leanaí go ndeonófaí cosaint idirnáisiúnta dó, i bhfianaise aithrisí 18, 19 agus 38 de Threoir 2011/95/AE, go gcaithfí an coincheap maidir le baill teaghlaigh an tairbhí de chosaint idirnáisiúnta, a chumhdaítear le Treoir 2011/95/AE, a leathnú chuig teaghlach nár bunaíodh sa tír thionscnaimh?"

3) "Má thugtar freagra dearfach ar an gcéad dá cheist a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú, an féidir le hAirteagal 23 de Threoir 2011/95/AE, nár trasuíodh i ndlí na Beilge chun foráil a dhéanamh maidir le cead cónaithe nó cosaint idirnáisiúnta a dheonú d'athair leanaí a aithníodh mar dhídeanaithe sa Bheilg agus a rugadh sa Bheilg, éifeacht dhíreach a bheith aige?"

4) "Más amhlaidh atá, an dtugtar le hAirteagal 23 de Threoir 2011/95/AE, in éagmais trasuí, d'athair leanaí a aithnítear mar dhídeanaithe sa Bheilg agus a rugadh ann, an ceart chun na sochair dá dtagraítear in Airteagail 24 go 35 a éileamh, lena n-áirítear cead cónaithe lena gceadaítear dó cónaí go dleathach sa Bheilg lena theaghlach, nó an ceart cosaint idirnáisiúnta a fháil fiú mura gcomhlíonann an t-athair féin, ina aonar, na coinníollacha riachtanacha chun an chosaint sin a fháil?"

5) “An gceanglaítear le héifeacht Airteagal 23 den Treoir maidir le Cáiliú, arna léamh i bhfianaise Airteagail 7, 18 agus 24 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh agus aithrisí 18, 19 agus 38 den Treoir maidir le Cáiliú, ar na Ballstáit nach bhfuil a ndlíthe náisiúnta leasaithe acu ar bhealach go bhféadfadh baill teaghlaigh [de réir bhrí Airteagal 2(j) den Treoir sin nó a bhfuil cás aonair spleáchais ann ina leith] thairbhí an stádais sin, mura gcomhlíonann siad, ina n-aonar, na coinníollacha riachtanacha do dheonú an stádais chéanna, sochair áirithe a éileamh, an ceart chun stádas dídeanaí dhíorthaithe a dheonú do na baill teaghlaigh sin ionas gur féidir leo na sochair sin a éileamh ar mhaithe le caomhnú aontacht an aonaid teaghlaigh?”

6) “An gceanglaítear le hAirteagal 23 den Treoir maidir le Cáiliú, arna léamh i bhfianaise Airteagail 7, 18 agus 24 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh agus aithrisí 18, 19 agus 38 den Treoir maidir le Cáiliú, ar an mBallstát nach bhfuil a ndlíthe náisiúnta oiriúnaithe ar bhealach go bhféadfadh tuismitheoirí dídeanaithe aitheanta leas a bhaint as na buntáistí a liostaítear in Airteagail 24 go 35 den Treoir, [ceadú do na tuismitheoirí sin] leas a bhaint as cosaint dhíorthaithe idirnáisiúnta d’fhonn tús áite a thabhairt do leas an linbh agus éifeachtacht stádas dídeanaí an linbh sin a áirithiú?”

(1) IO 2011, L 337 lch. 9.

---

**Iarraidh ar réamhrialú ón Pécsi Törvényszék (an Ungáir) a taisceadh an 14 Meitheamh 2022 – Tüke Busz Közösségi Közlekedési Zrt. v Nemzeti Adó- és Vámhivatal Fellebbviteli Igazgatósága**

**(Cás C-391/22)**

(2022/C 326/15)

*Teanga an cháis: an Ungáiris*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Pécsi Törvényszék

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* Tüke Busz Közösségi Közlekedési Zrt.

*Cosantóir:* Nemzeti Adó- és Vámhivatal Fellebbviteli Igazgatósága

**An cheist a tharchuirtear:**

An bhfuil cinneadh an Nemzeti Adó- és Vámhivatal (an tÚdarás Cánach agus Custaim) arna ghlacadh sa chás seo, agus an cleachtas arna leanúint ag an údarás sin, “gan an míleáiste riachtanach ar mhaithe le cothabháil a dhéanamh ar fheithiclí iompair paisinéirí rialta ná le hathbhreoslú a áireamh” comhoiriúnach le forálacha Threoir Uimh. 2003/96/CE [1] ón gComhairle an 27 Deireadh Fómhair 2003 lena ndéantar athstruchtúrú ar an gcreat Comhphobail le haghaidh cáin a ghearradh ar tháirgí fuinnimh agus ar leictreachas?

(1) IO 2003 L 283, lch. 51.

---

**Iarraidh ar réamhrialú ón Verwaltungsgerichtshof (an Ostair) an 21 Meitheamh 2022 – AB v Disziplinarrat der Österreichischen Apothekerkammer**

**(Cás C-417/22)**

(2022/C 326/16)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Verwaltungsgerichtshof

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Achomharcóir ar phointe dlí*: AB

*Údarás is Freagróir*: Disziplinarrat der Österreichischen Apothekerkammer